

Ionad Cúraim Phríomhúil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoi ionad nua cúraim phríomhúil i Luimneach.

(a) Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

- | | |
|--------------------------------------|-------|
| 1) health budget deficit | _____ |
| 2) where ... was opened | _____ |
| 3) family doctors | _____ |
| 4) community nurses | _____ |
| 5) physiotherapists | _____ |
| 6) occupational therapists' services | _____ |
| 7) speech therapy | _____ |
| 8) co-partnership | _____ |
| 9) he confirmed | _____ |
| 10) the mid-west region | _____ |

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Scríobh achoimre ghairid ar an mhír sula bhféachfaidh tú arís uirthi. Féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

Ceist 3 Éist leis an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a mbeidh cruinniú ag an Aire Sláinte agus ag an Troika?
2. Cén cineál ionaid atá i gceist sa mhír agus cá bhfuil sé?
3. Cé mhéad duine a bhainfidh tairbhe as an ionad seo?
4. An mbeidh ionaid eile dá leithéid sa cheantar amach anseo?

Ceist 4 ‘...*Dúirt* an tAire...’

- (a) Cad iad na briathra neamhrialta?
- (b) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus breac síos na ceisteanna agus freagraí (dearfacha agus diúltacha) de na briathra neamhrialta san aimsir láithreach.
- (c) Cuirigí ceisteanna ar a chéile anois ag úsáid na mbriathra céanna. Féach:


*An dtéann tú go dtí an phictiúrlann go minic?
Téim. Téim uair amháin sa mhí de ghnáth.*

Nó

Ní théim. Níl aon phictiúrlann in aice liom.

Ceist 5 ‘...tuaisceart...’

(a) Líon na bearnaí sa léarscáil:



- (b) Tá mé ag dul _____ (tuaisceart).
- (c) Ba mhaith liom dul _____ (deisceart).
- (d) Beidh mé ag dul _____ (Conamara).
- (e) Caithfidh mé dul _____ (Baile Átha Cliath).

Ceist 5 Pléigh na ceistanna seo leis na daoine i do ghrúpa.

An bhfuil ionad cosúil leis an cheann sa mhír i do cheantar féin?
Ar cheart don stát a bheith iomlán freagrach as cúrsaí sláinte?
Cé a shaothraíonn níos mó airgid – múinteoir nó dochtúir? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1

- | | |
|--------------------------------------|---------------------------------------|
| 1) health budget deficit | <i>easnamh sa bhuiséad sláinte</i> |
| 2) where ... was opened | <i>áit ar osclaíodh</i> |
| 3) family doctors | <i>dochtúirí teaghlaigh</i> |
| 4) community nurses | <i>altraí pobail</i> |
| 5) physiotherapists | <i>fisiteiripeoirí</i> |
| 6) occupational therapists' services | <i>seirbhísí teiripeoirí saothair</i> |
| 7) speech therapy | <i>teiripe urlabhra</i> |
| 8) co-partnership | <i>comhpháirtíocht</i> |
| 9) he confirmed | <i>dhearbhaigh sé</i> |
| 10) the mid-west region | <i>réigiún an mheániarthair</i> |

Ceist 2

Tabhair deis dóibh achoimre a scríobh agus a phlé ina mbeirteanna.

Ceist 3

- 1) Chun an t-easnamh de €374 milliún sa bhuiséad sláinte a phlé.
- 2) Is ionad cúram príomhúil sláinte é an t-ionad seo a chuireann seirbhísí sláinte don phobal ar fáil in Oileán an Rí i Luimneach.
- 3) Suas le seacht míle.
- 4) Tá daichead is a haon ionad mar seo le bheith bunaithe sa cheantar amach anseo.

Ceist 4

Na briathra neamhrialta
Ceist agus freagra

Diúltach

An **d**tagann tú ...? ní thagann tú
Tagaim./Ní **th**agaim.

An **d**téann tú ...? ní théann tú
Téim./Ní **th**éim.

An **b**hfeiceann sí ...? ní fheiceann sí
Feiceann./Ní **f**heiceann.

An **g**cloiseann sibh ...? ní chloiseann sibh
Cloiseann./Ní **ch**loiseann.

An **n**déanann tú ...? ní dhéanann tú
Déanaim./Ní **dh**éanaim.

An **ndeir** siad ...? ní deir siad
Deir./Ní deir.

An **mbeireann** sé ...? ní bheireann sé
Beireann./Ní **bheireann**.

An **bhfaigheann** tú ...? ní fhaigheann tú
Faighim./Ní **fhaighim**.

An **itheann** siad ...? ní itheann siad
Itheann../Ní itheann.

An **dtugann** sí ...? ní thugann sí
Tugann./Ní **thugann**.

Ceist 5

An Tuaisceart
An tOirthear
An Deisceart
An tIarthar

Tá mé ag dul **ó thuaidh** (tuaisceart).
Ba mhaith liom dul **ó dheas** (deisceart).
Beidh mé ag dul **siar go** (Conamara).
Caithfidh mé dul **soir go** (Baile Átha Cliath).

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Dúirt an tAire Sláinte an Dochtúir James Reilly tráthnóna gur dóigh go ngairmeofar cruinniú idir é féin agus baill den Troika leis an easnamh sa mbuiséadⁱ sláinte a phlé. I gCathair Luimnigh chuir sé an méid seo in iúl, áit ar osclaíodh an chéad ionad príomhchúram sláinte sa gcathairⁱⁱ.

Tomás Ó Mainnín

Is éⁱⁱⁱ seo ionad nua cúram príomhúil^{iv} leighis in Oileán an Rí i Luimneach. Mór-ionad amháin atá ann le scaipeadh seirbhísí leighis ar fáil don bpobal^v áitiúil. I measc na seirbhísí atá á gcur ar fáil anseo tá seirbhísí dochtúirí teaghlaigh, altraí pobail, fisiteiripeoirí, seirbhísí teiripeoirí saothair agus seirbhísí teiripe urlabhra. Is comhpháirtíocht atá san ionad idir an Dochtúir Richard Murray agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Dúirt an Dochtúir Murray inniu gur céim mhór chun cinn ba ea an t-ionad chun cúram sláinte a chur ar fáil don bpobal^{vi} anseo. Beidh an t-ionad ag freastal ar suas le 7 míle^{vii} duine i dtuaisceart chathair Luimnigh. Is é an tAire Sláinte a d'oscail an t-ionad go hoifigiúil tráthnóna, ach le heasnamh de €374 milliún sa bhuiséad sláinte, dhearbhaigh sé tráthnóna go raibh cruinniú iarrtha ag baill an Troika leis.

James Reilly, Teachta Dála

Tá a fhios agamsa dá mbeadh cruinniú ag teastáil beidh mise an-sásta chun dul go dtí cruinniú mar sin, mar tá mé ag lorg cruinniú leo le tamall anois agus tá na daoine sa Roinn Sláinte ag obair air sin le coicís nó níos mó, le seachtainí anois...

Tomás Ó Mainnín

Cé gurb é^{viii} seo an chéad ionad dá leithéid i Luimneach tá 41 ionad phríomhúil^{ix} sláinte ar fad le bheith bunaithe i réigiún an mheániarthair. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i Luimneach.

ⁱ sa *bhuiséad* atá sa chaighdeán

ⁱⁱ sa *chathair* atá sa chaighdeán

ⁱⁱⁱ *í seo* a deirtear

^{iv} *chúram príomhúil* a deirtear

^v sa *phobal* atá sa chaighdeán

^{vi} *don phobal* atá sa chaighdeán

^{vii} *mhíle* a deirtear

^{viii} *í seo* a deirtear

^{ix} *príomhúil* a deirtear